# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1514 ÓN gCOIMISIÚN

**an 8 Meán Fómhair 2022**

**lena gceadaítear don Fhionlainn táirgí bithicídeacha arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* a údarú ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 6274)*

**(Is iad na téacsanna san Fhionlainnis agus sa tSualainnis amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 tá substaintí gníomhacha a bhfuil próifíl níos fabhraí acu maidir leis an gcomhshaol nó le sláinte an duine nó le sláinte ainmhithe. Dá bhrí sin, féadfar táirgí ina bhfuil na substaintí gníomhacha sin a údarú faoi nós imeachta simplithe. Áirítear nítrigin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, faoi réir an tsriain nach n-úsáidfear ach cainníochtaí teoranta di i gceanastair atá réidh lena n-úsáid.

(2) De bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, déantar nítrigin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, feithidicídí ([2]). Táirgí bithicídeacha ina bhfuil nítrigin arna formheas, tá siad údaraithe i roinnt Ballstát agus soláthraítear iad i sorcóirí gáis ([3]).

(3) Is féidir nítrigin a ghiniúint freisin *in-situ* ó aer comhthimpeallach. Ní fhormheastar nítrigin a ghintear *in-situ* lena húsáid san Aontas faoi láthair agus ní liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ná níl sí curtha ar liosta na substaintí gníomhacha a áirítear sa chlár athbhreithnithe de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([4]).

(4) An 5 Aibreán 2022, de bhun Airteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, chuir an Fhionlainn iarratas ar mhaolú ar Airteagal 19(1), pointe (a), den Rialachán sin faoi bhráid an Choimisiúin lenar iarradh uirthi cead a thabhairt di táirgí bithicídeacha, arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* ó aer comhthimpeallach, a údarú, ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha ("an t-iarratas").

(5) Is féidir le raon leathan orgánach díobhálach, ó fheithidí go miocrorgánaigh, dochar a dhéanamh don oidhreacht chultúrtha. Ní hamháin go bhféadfadh cailliúint na maoine cultúrtha féin a bheith mar thoradh ar láithreacht na n-orgánach sin, ach bíonn an riosca ann freisin go leathfar na horgánaigh dhíobhálacha sin chuig réada eile in aice láimhe. Gan cóireáil chuí, d'fhéadfaí damáiste doleasaithe a dhéanamh do réada, rud a d'fhágfadh go mbeadh an oidhreacht chultúrtha go mór i mbaol.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Treoir 2009/89/CE ón gCoimisiún an 30 Iúil 2009 lena leasaítear Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun nítrigin mar shubstaint ghníomhach a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis (IO L 199, 31.7.2009, lch. 19).

([3]) Liosta de na táirgí údaraithe ar fáil ag https://echa.europa.eu/fr/information-on-chemicals/biocidal-products

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

(6) Úsáidtear nítrigin a ghintear *in-situ* chun atmaisféar rialaithe a chruthú ina bhfuil tiúchan an-íseal ocsaigine (anocsacht) i bpubaill chóireála nó i seomraí cóireála atá séalaithe go buan nó go sealadach chun orgánaigh dhíobhálacha ar réada oidhreachta cultúrtha a choinneáil faoi smacht. Déantar nítrigin a dheighilt ón aer comhthimpeallach agus déantar í a phumpáil isteach sa phuball cóireála nó sa seomra cóireála, áit a bhfuil cion nítrigine an atmaisféir méadaithe go dtí thart ar 99 % agus dá bhrí sin bíonn an ocsaigin beagnach ídithe go hiomlán. Socraítear bogthaise na nítrigine a phumpáiltear isteach sa limistéar cóireála de réir riachtanais an réada atá á chóireáil. Ní féidir le horgánaigh dhíobhálacha maireachtáil faoi na dálaí a cruthaítear sa phuball cóireála nó sa seomra cóireála.

(7) De réir na faisnéise a chuir an Fhionlainn isteach, is cosúil gurb é úsáid na nítrigine a ghintear *in-situ* an t-aon teicníc éifeachtach amháin atá ann chun orgánaigh dhíobhálacha a choinneáil faoi smacht, ar teicníc í is féidir a úsáid le haghaidh gach cineál ábhar agus meascán d'ábhair a bhíonn ann in institiúidí cultúrtha gan dochar a dhéanamh dóibh agus atá éifeachtach i gcoinne gach céime forbartha de lotnaidí a fhaightear in oidhreacht chultúrtha.

(8) Liostaítear modh na hanocsachta, nó atmaisféar modhnaithe nó rialaithe i gcaighdeán EN 16790:2016 "An oidhreacht chultúrtha a chaomhnú — Bainistiú comhtháite lotnaidí (IPM) ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha" agus tuairiscítear nítrigin sa chaighdeán sin mar an ní "is mó úsáide" chun anocsacht a chruthú.

(9) Tá teicnící eile ar fáil chun orgánaigh dhíobhálacha a choinneáil faoi smacht, amhail teicnící turrainge teirmeacha (teochtaí arda nó ísle). Ina theannta sin, is féidir táirgí bithicídeacha ina bhfuil substaintí gníomhacha eile a úsáid chun na críche sin. Dar leis an bhFionlainn, áfach, tá srianta ag gach ceann de na teicnící sin de bharr an damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh d'ábhair áirithe le linn na cóireála.

(10) Faoi mar atá luaite san iarratas, is annamh a úsáidtear substaintí gníomhacha eile in institiúidí cultúrtha de bharr a bpróifíle guaise. Tar éis na réada a chóireáil leis na substaintí sin, féadfar na hiarmhair ar na réada cóireáilte a scaoileadh de réir a chéile isteach sa chomhshaol, rud a chuireann sláinte an duine i mbaol. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na substaintí sin frithghníomhú le hábhair na réad oidhreachta, rud a chruthódh athruithe do-aisiompaithe, go háirithe dá ndromchla.

(11) De réir na faisnéise san iarratas, ní rogha oiriúnach d'institiúidí cultúrtha é nítrigin i sorcóirí a úsáid, mar go mbaineann míbhuntáistí praiticiúla léi. De bharr na gcainníochtaí teoranta a bhíonn i sorcóirí, is gá iad a iompar go minic agus is gá iad a choinneáil i saoráid stórála ar leith. Chuirfeadh an chóireáil le nítrigin i sorcóirí costais arda ar na hinstitiúidí cultúrtha freisin.

(12) Dá n-iarrfaí ar institiúidí cultúrtha roinnt teicnící a úsáid chun orgánaigh dhíobhálacha a choinneáil faoi smacht — gach ceann acu oiriúnach d'ábhair shonracha agus do réada sonracha — in ionad úsáid a bhaint as teicníc amháin atá in úsáid cheana féin agus atá oiriúnach do gach ábhar, bheadh costais bhreise i gceist d'institiúidí cultúrtha agus bheadh sé níos casta dóibh an cuspóir atá acu a bhaint amach, is é sin éirí as substaintí gníomhacha atá níos guaisí a úsáid ina IPM. Ina theannta sin, dá dtréigfí saoráidí agus trealamh a fuarthas le haghaidh anocsacht nítrigine a ghineadh *in-situ*, bheadh caillteanas ann maidir leis na hinfheistíochtaí a rinneadh roimhe seo.

(13) In 2019, rinneadh plé ag roinnt cruinnithe ([5]) de shainghrúpa an Choimisiúin d'Údaráis Inniúla do Tháirgí Bithicídeacha maidir le maolú féideartha de bhun Airteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le nítrigin a ghintear *in-situ*.

(14) Ina theannta sin, arna iarraidh sin don Choimisiún, tar éis an chéad iarratais den chineál céanna ar mhaolú a dhéanamh i gcás táirgí ón Ostair arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ*, rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán comhairliúchán poiblí maidir leis an iarratas sin, comhairliúchán lenar ceadaíodh do na páirtithe leasmhara uile a dtuairimí a chur in iúl. Bhí formhór na 1487 ráiteas a fuarthas i bhfabhar an mhaolaithe. Léirigh go leor rannpháirtithe na míbhuntáistí a bhaineann leis na teicnící malartacha atá ar fáil: d'fhéadfadh cóireálacha teirmeacha damáiste a dhéanamh d'ábhair áirithe; fágann úsáid substaintí gníomhacha eile iarmhair thocsaineacha ar dhéantáin, iarmhair a scaoiltear de réir a chéile isteach sa chomhshaol; ní cheadaíonn úsáid nítrigine i sorcóirí rialú na bogthaise coibhneasta sa limistéar cóireála, rud atá ag teastáil chun cóireáil a dhéanamh ar roinnt ábhar.

([5]) 83ú, 84ú, 85ú agus 86ú cruinniú de shainghrúpa an Choimisiúin d'ionadaithe ó Údaráis Inniúla na mBallstát maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cruinnithe a tionóladh i mí Bealtaine 2019, mí Iúil 2019, mí Mheán Fómhair 2019 agus mí na Samhna 2019, faoi seach. Tá miontuairisc na gcruinnithe ar fáil ag https://ec.europa.eu/health/biocides/events_en#anchor0

(15) Dá ndéanfaí nítrigin arna giniúint *in-situ* a áireamh in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cheadófaí do na Ballstáit táirgí arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* a údarú gan aon ghá le maolú i gcomhréir le hAirteagal 55(3) den Rialachán sin. Cuireadh iarratas chuige sin isteach i mí an Mhárta 2022. Mar sin féin, tá am ag teastáil chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas seo, chun an tsubstaint a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus chun údaruithe táirge a fháil.

(16) Léiríonn an t-iarratas nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil san Fhionlainn, ós rud é go mbaineann míbhuntáistí leis na teicnící malartacha uile atá ar fáil faoi láthair de bharr neamhoiriúnacht maidir le cóireáil na n-ábhar uile nó de bharr míbhuntáistí praiticiúla.

(17) I gcomhthéacs na n-argóintí sin uile, is iomchuí a mheas go bhfuil nítrigin a ghintear *in-situ* thar a bheith riachtanach ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha san Fhionlainn agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an bhFionlainn údarú a thabhairt chun táirgí bithicídeacha arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha.

(18) Tá am ag teastáil chun nítrigin a ghintear *in-situ* a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus chun go ndéanfaidh na Ballstáit táirgí arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* a údarú ina dhiaidh sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, maolú a cheadú ar feadh tréimhse chun go bhféadfar na nósanna imeachta bunúsacha a chur i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Féadfaidh an Fhionlainn údarú a thabhairt chun táirgí bithicídeacha arb é atá iontu nítrigin a ghintear *in-situ* a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fionlainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*